C/2025/1713

18.3.2025

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2025/1713)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

‘Château-Grillet’

PDO-FR-A0587-AM03

Dáta na teachtaireachta: 15 Eanáir 2025

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

1. Limistéar geografach

Leasaíodh an tsonraíocht táirge le haghaidh ainmniúchán ‘Château-Grillet’ faoi phointe 1 ‘Limistéar geografach’ de Roinn IV ‘Limistéir agus áiteanna ina ndéantar na hoibríochtaí éagsúla’ de Chaibidil I, tríd an tagairt do Chód Geografach Oifigiúil an 1 Eanáir 2023 a chur isteach, gan tuilleadh athraithe.

Leis an bhfoclaíocht leasaithe sin, ceadaítear an limistéar geografach a shainaithint trí thagairt do leagan 2023 den Chód Geografach Oifigiúil, a eisíonn an Institiúid Náisiúnta Staidrimh agus Staidéar Eacnamaíoch (INSEE), agus lena dtugtar deimhneacht dhlíthiúil don sainiú ar an limistéar geografach.

Cuireadh an tagairt chéanna leis an doiciméad aonair, faoin gceannteideal ‘Limistéar geografach’.

2. Ceanglais maidir le dearbhú

Tugadh Caibidil II den tsonraíocht táirge le haghaidh an ainmniúcháin ‘Château-Grillet’ cothrom le dáta: cuireadh oibleagáidí le haghaidh oibreoirí dearbhuithe a dhéanamh don chomhlacht cosanta agus bainistíochta i gcomhréir leis an bplean cigireachta le haghaidh an ainmniúcháin.

Ní dhéanann an nuashonrú sin difear don doiciméad aonair.

3. Tagairt don chomhlacht cigireachta

Tugadh Caibidil III, Roinn II den tsonraíocht táirge, ‘Tagairt don chomhlacht cigireachta’ cothrom le dáta chun a shonrú nach mór seiceálacha ar chomhlíontacht leis an tsonraíocht táirge a dhéanamh ar bhonn plean cigireachta formheasta agus ag comhlacht tríú páirtí a thairgeann ráthaíochtaí maidir le hinniúlacht, neamhchlaontacht agus neamhspleáchas arna dtarmligean ag INAO.

Ní dhéanann an nuashonrú sin difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. Ainm (nó ainmneacha)

Château-Grillet

2. Cineál an táisc gheografaigh

ATFC – ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. Catagóirí na dtáirgí fíniúna

1. Fíon

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

22 – DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Úsáidtear an t-ainmniúchán tionscnaimh go heisiach le haghaidh fíonta socra, tirime, geala. Bíonn dath buí órga ar na fíonta agus imireacha geala agus órga orthu. Is minic a bhíonn mianracht bhunaidh nach bhfuiltear ag súil léi mar shaintréith ag an mboladh, a bhfuil déine mhaith aige, agus forbraíonn sé ina dhea-bholaithe a mbíonn vialait agus aibreog chun tosaigh iontu, uaireanta mar aon le dea-bholaithe a chuireann taos almóinne, mil, péitseog nó bláthanna bána i gcuimhne. Tá an boladh an-chothromaithe le saibhreas ceannasach, ar saintréith dá chuid méid aigéadachta agus déine aramataí a théann i dtreo blasanna aibreog.

Is é 11,5 % an neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte atá sna fíonta.

Ní sháraíonn an méid siúcra choipthigh 4 g/l.

Ní mó ná 14 % an neart alcóil iomlán de réir toirte tar éis saibhrithe.

Comhlíonann na critéir anailíseacha eile na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Dlús — spásáil idir sraitheanna agus plandaí

An modh saothraithe

Is é dlús plandaithe íosta na bhfíniúnacha 8 000 planda in aghaidh an heicteáir;

Ní mó ná 1,25 méadar cearnach an t-achar atá ar fáil le haghaidh gach fíniúna;

Is é 0,80 méadar ar a laghad an spásáil idir plandaí sa tsraith chéanna.

2. Modh treoraithe

An modh saothraithe

Treoraítear na fíniúnacha ar thacaí. Tá airde na dtacaí 1,50 m ar a laghad.

3. Prúnáil na fíniúna

An modh saothraithe

Déantar na fíniúnacha a phrúnáil go prúnáil Guyot aonair agus 10 mbachlóg ar a mhéad in aghaidh an phlanda, lena n-áirítear 8 mbachlóg ar a mhéad ar an gcána.

4. Forálacha sonracha maidir le buaint agus iompar an ábhair bhuainte

An modh saothraithe

As fíonchaora a bhuantar de láimh a dhéantar na fíonta.

Nuair a bhuantar iad, iompraítear na fíonchaora chuig an bhfíonlann i dtriopaill iomlána, i gcoimeádáin atá teoranta do mheáchan 50 cileagram.

5. Fíonóireacht – tabhairt chun cineáil

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tá toirmeasc ar shliseanna adhmaid a úsáid.

Aosaítear na fíonta go dtí an 1 Deireadh Fómhair ar a laghad den bhliain tar éis na buainte.

De bhreis ar na forálacha thuas, comhlíonann na cleachtais fhíoneolaíocha uile na ceanglais a leagtar síos ar leibhéal an Aontais.

6. Forálacha maidir le pacáistiú

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Chun saintréithe fíor-riachtanacha na bhfíonta a chaomhnú, díoltar i mbuidéil ghloine iad. Déantar na fíonta a bhuidéalú amhail an 1 Meán Fómhair den bhliain tar éis bhliain na buainte.

Déantar na fíonta a phacáistiú i mbuidéil 'Vin du Rhin', i gcomhréir le Foraithne Uimh. 55-673 an 20 Bealtaine 1955 agus le hOrdú an 13 Bealtaine 1959. Ní cheadaítear buidéil d'aon chineál eile.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. 41 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Buantar na fíonchaora agus déantar, forbraítear agus aosaítear na fíonta sna bardais seo a leanas de roinn an Loire, bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil 2023: Saint-Michel-sur-Rhône agus Vérin.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

Viognier B

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

Suite ar thaobhanna cnoic an-ghéar ar bhruach deas na Róine, téann na fíonghoirt siar go dtí an aimsir réamh-Rómhánach. Tugann siad aghaidh ó dheas ar ithreacha eibhir sobhriste a éilíonn idirghabháil leanúnach ón duine chun na léibhinn a bhainistiú go comhchuí, bíonn tionchar ag méisea-aeráid Lyonnais ar na fíonghoirt, a sholáthraíonn dálaí optamacha d'fhorbairt agus d'aibíocht Viognier, arb é an t-aon chineál é a úsáidtear le haghaidh an ainmniúcháin. Leis an suíomh seo ar imeall thuaidh an réigiúin fíonsaothrúcháin, baintear amach mianracht shainiúil fhíonta Château-Grillet agus tugann sé úire dá struchtúr aramatach atá bunaithe go háirithe ar dhea-bholaithe torthaí buí agus bláthanna bána.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (buidéalú, lipéadú, ceanglais eile)**

—

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-5aa3c7b2-9821-44a9-9ae6-3968a3ba69a6